Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 38

# Sláinte

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, réitigh mé an cuntas faoi iamh ar an méid a caitheadh i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2014 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte, agus maidir le seirbhísí áirithe eile arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €11.91 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a chur ar fáil i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais,
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí atá ann idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte Acmhainní Daonna agus pinsean a sholáthar. Bím ag brath ar an dearbhú atá leagtha amach sa chomhaontú sin go bhfuil nósanna imeachta agus rialuithe láidre i bhfeidhm ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun an tseirbhís a chur ar fáil agus chun riosca a bhainistiú agus fadhbanna a réiteach ina leith sin.

Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás conradh amháin dar luach €62,501, rud a liostaíodh i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Mar fhreagairt do na himpleachtaí práinneacha do shábháilteacht othar a pléadh sa Tuarascáil Imscrúdaithe Sábháilteachta Othar ar Sheirbhísí ag Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh, ón údarás um fhaisnéis agus cáilíocht sláinte (HIQA), sainaithníodh go raibh riachtanas eisceachtúil práinneach ann le tacú leis na treoirlínte náisiúnta cliniciúla a bhí molta agus ag teastáil a fhorbairt. Bhain an riachtanas le sainscileanna taighde chliniciúil agus eacnamaíoch. Mar gheall ar chineál práinneach na seirbhíse a bhí ag teastáil, ar na cúinsí sábháilteachta othar a bhí i gceist agus ar an saineolas an-sonrach an-uathúil a bhí de dhíth, rinneadh soláthraí a shainaithint agus a chonrú ar théarmaí comhaontú gan próiseas iomaíoch.

**Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

31 Marta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 38 Sláinte

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

Is í mo thuairim go gcuireann an cuntas leithghabhála i láthair go cuí fháltais agus caiteachas Vóta 38 Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An Roinn Sláinte. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2015

# Vóta 38 Sláinte

## Cuntas Leithreasa 2014

| **Seirbhís** | | **2014** | | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais | 24,692 | 22,078 | 22,176 |
| A.2 | Taisteal agus cothú | 654 | 356 | 499 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,003 | 663 | 634 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 628 | 400 | 458 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,824 | 1,352 | 1,539 |
| A.6 | Costais áitreabh oifige | 725 | 496 | 620 |
| A.7 | Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | 1,391 | 1,554 | 1,221 |
| | *Uachtaránacht an AE* | — | — | *568* |
| **Deontais** | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile | 36,183 | 34,852 | 35,746 |
| B.2 | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus d'eagraíochtaí eile dá leithéid (le páirtchistiú ón gCrannchur Náisiúnta) | 3,286 | 3,286 | 3,286 |
| B.3 | An Tionscnamh Drugaí | 7,381 | 7,267 | 29,568 |
| **Seirbhísí eile** | | | | |
| C. | Costais a bhaineann leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí Idirnáisiúnta eile | 2,600 | 2,347 | 2,676 |
| D. | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí ilghnéitheacha dlí mar aon le socruithe | 10,093 | 17,047 | 8,623 |
| E.1 | Comhlachtaí forbraíochta, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | 56,643 | 47,808 | 50,291 |
| E.2 | An Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia | 5,771 | 5,712 | 5,950 |
| E.3 | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála agus an tAonad Speisialta Seachadta | 5,100 | 5,100 | 17,387 |
| E.4 | INTERREG Éire / Tuaisceart Éireann | 2,190 | 1,474 | 1,524 |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Seirbhísí eile (ar leanúint)** | | | | |
| F.1 | Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde | 745 | 384 | 420 |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine a éilíonn go ndearna vacsaíniú díobháil dóibh | 1 | — | — |
| F.3 | Íocaíochtaí chuig cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | 24,786 | 24,000 | 21,200 |
| F.4 | Íocaíochtaí chuig cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | 3,849 | 3,200 | 3,000 |
| G. | Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseacháin maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | 813 | 1,003 | 537 |
| **Seirbhísí Caipitiúla** | | | | |
| H. | Deontais i leith tógála agus feistithe (lena n-áirítear TFC) i gcás gníomhaireachtaí arna gcistiú ag an Roinn | 15,527 | 14,383 | 11,127 |
| | **Ollchaiteachas** | **205,885** | **194,762** | **219,050** |
| | *Lúide* | | | |
| I | **Leithreasaí i gcabhair** | **3,916** | **4,702** | **4,836** |
| | **Glanchaiteachas** | **201,969** | **190,060** | **214,214** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 11,908,634 | 29,527,212 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán | | 26,899 | 27,715 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 167,863 | 191,335 |
| **Ollchaiteachas** | | **194,762** | **219,050** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **4,702** | **4,836** |
| **Glanchaiteachas** | | **190,060** | **214,214** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (77) | | |
| Dímheas | 155 | | |
| Caillteanas as diúscairtí | — | | |
| | | 78 | 65 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (1,371) | | |
| Laghdú ar an stoc | 17 | | |
| | | (1,354) | (2,266) |
| **Caiteachas díreach** | | **188,784** | **212,013** |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 9,329 | 9,228 |
| Cíosanna barúlacha | | 2,004 | 2,349 |
| **Costas glan clár** | | **200,117** | **223,590** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 38 arna dtabhú in áit eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 258 | 81 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 7,288 | 7,231 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 1,536 | 1,640 |
| An Lárchiste - pinsin Airí | m | 247 | 276 |
| | | **9,329** | **9,228** |

Léiríonn “m” gur luach measta nó costas cionroinnte í an uimhir.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **593** | **671** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 65 | 82 |
| Réamhíocaíochtaí | | 173 | 355 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 10,595 | 8,960 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 42,247 | 4,123 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **53,080** | **13,520** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 293 | 211 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 203 | 173 |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 42,030 | 3,333 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 14 | 617 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **42,540** | **4,334** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **10,540** | **9,186** |
| **Glansócmhainní** | | **11,133** | **9,857** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe stáit** | 2.1 | **11,133** | **9,857** |

| **2.1 Cuntas Cistithe Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 9,857 | 7,667 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 201,969 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (11,909) | | |
| Vóta glan | | | 190,060 | 214,214 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 9,329 | 9,228 |
| Measchíosanna (neamh-airgid) | 1 | | 2,004 | 2,349 |
| Caiteachas neamh-airgid | | | — | (11) |
| Costas glan clár | 1 | | (200,117) | (223,590) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **11,133** | **9,857** |

**2.2 Shócmhainní Caipitiúla**

| | Oifig trealamh | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2014 | 2,531 | 1,962 | 4,493 |
| Breiseanna | 66 | 11 | 77 |
| Diúscairtí | (34) | (13) | (47) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2014 | 2,563 | 1,960 | 4,523 |
| **Dímheas Carntha:** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014 | 1,971 | 1,851 | 3,822 |
| Dímheas don bhliain | 101 | 54 | 155 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (34) | (13) | (47) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2014 | 2,038 | 1,892 | 3,930 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **525** | **68** | **593** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **560** | **111** | **671** |

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim Oifig an Phámháistir Ghinearálta | (42,075) | (3,603) |
| Iarmhéid cuntas bainc thráchtála | 45 | 406 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | — | (136) |
| | (42,030) | (3,333) |

| **2.4 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 17 | 26 |
| Ábhair intomhalta TF | 48 | 56 |
| | 65 | 82 |

| **2.5 Ioncam Fabhraithe** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Asbhaintí a bhaineann le pá atá dlite ó Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann | 10,280 | 8,701 |
| Eile | 315 | 259 |
| | 10,595 | 8,960 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Tuarastail in-aisghabhála | 81 | 89 |
| Aisghabháil costais taistil | 6 | 31 |
| Aisghabháil na scéime pas taistil | 132 | 134 |
| Binse Cúitimh Heipitíteas C | 1,200 | 3,861 |
| Míreanna dochair fionraí eile | 40,828 | 8 |
| | 42,247 | 4,123 |

Faoi Alt 3 den Acht um Leithreasú 2014, réamhíoc an Roinn €40.41 milliún don FSS i Mí na Nollag 2014 le costas na dtuarastal a mhaoiniú a bhí dlite ar 1 Eanáir 2015 ach a íocadh ar 31 Nollaig 2014. Tá an réamhíocaíocht san áireamh mar iarmhéid fionraí dochair i gcuntas 2014 na Roinne agus is cuid de na híocaíochtaí deontais don FSS do 2015 í.

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim agus Muirear Sóisialta Uilíoch | 2 | — |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | (4) | (3) |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 24 | 71 |
| Cáin Bhreisluacha | 5 | 13 |
| Pinsin | 7 | — |
| | 34 | 81 |
| Míreanna creidmheasa fionraí eile | 169 | 92 |
| | 203 | 173 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 11,909 | 29,528 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (11,895) | (28,911) |
| Glandliteanas don Státchiste | 14 | 617 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 42,247 | 4,123 |
| | 42,247 | 4,123 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (34) | (81) |
| Banc agus airgead tirim | (42,030) | (3,333) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (169) | (92) |
| | (42,233) | (3,506) |
| | 14 | 617 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais iomlána** | | |
| Ceangaltais Neamh-Chaipitiúla ar dócha a thiocfaidh i gceist sna blianta ina dhiaidh sin: | | |
| Fotheidil soláthair | 1,223 | 706 |
| Fotheidil deontais | 6,946 | 9,669 |
| | 8,169 | 10,375 |

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

**Tionscadail chaipitil os cionn €6.3 milliún**

| | **2014** | | | | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2013** | **Caiteachas** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán an tionscadail** | **Iomlán an tionscadail** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **An Bord Taighde Sláinte Áis** | | | | | |
| **Taighde Chliniciúil** | | | | | |
| Ospidéal Naomh Séamas agus Líonra Taighde Chliniciúil Bhaile Átha Cliath | 7,349 | 1,960 | 3,081 | 12,390 | 12,000 |
| **Iomlán** | **7,349** | **1,960** | **3,081** | **12,390** | **12,000** |

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athruithe a bheith déanta maidir le meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Cur Síos | Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Taisteal agus cothú | A.2 | 298 | Bhí an caiteachas ar thaisteal thar lear ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus bhí sé ní b'ísle ná figiúr na bliana roimhe. |
| Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | A.3 | 340 | D'eascair an coigilteas go príomha mar gheall ar chostais laghdaithe na seirbhísí glantacháin agus mar gheall ar chaiteachas laghdaithe ar chúrsaí oiliúna. I dtaca leis an tseirbhís ghlantacháin, bhí de thoradh ar phróiseas cur amach ar tairiscint coigilteas suntasach le soláthróir ar costas níos ísle. Maidir leis an oiliúint, bhí an caiteachas níba lú ná mar a bhíothas ag coinne leis mar gheall ar laghdú i leibhéal iomlán na foirne. Níorbh fhéidir méid iomlán na hoiliúna beartaithe a sheachadadh roimh dheireadh na bliana. |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | A.4 | 228 | Tháinig an coigilteas chun cinn as an gcostas laghdaitheach ar mhuirir theileafóin. |
| Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | A.5 | 472 | Bhí an caiteachas ar TFC níba lú ná mar a bhíothas ag coinne leis ós rud é nach ndeachthas ar aghaidh le cláir a bhí le dul in áit crua-earraí TFC faoi mar a beartaíodh an chéad uair. |
| Costais áitreabh oifige | A.6 | 229 | Bhí an caiteachas ar chothabháil foirgnimh ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Costais a bhaineann leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí Idirnáisiúnta eile | C | 253 | Tháinig an coigilteas chun cinn as luaineachtaí malairte airgeadra a bhain le híocaíocht an tsíntiúis bhliantúil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. |
| Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí ilghnéitheacha dlí mar aon le socruithe | D | (6,954) | Den chuid ba mhó, tháinig an barrachas ar shocraíochtaí agus ar tháillí dlí ilghnéitheacha as na híocaíochtaí a rinneadh faoi Scéim Íocaíochta Ospidéal Lourdes agus faoin Scéim um Íocaíocht Simfiseatóime agus as na híocaíochtaí a rinneadh i leith éilimh faillí liachta. |

| Cur Síos | Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Comhlachtaí forbraíochta, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | E.1 | 8,835 | Réamhíocann an Roinn cistí do ghníomhaireachtaí Sláinte suas go dtí an leibhéal faofa caiteachais nó go dtí an leibhéal iarbhír caiteachais, cibé cén ceann acu is lú.<br><br>I 2014, bhí na méideanna a réamhíocadh do ghníomhaireachtaí sláinte níba lú ná mar a ndearnadh buiséadú dó, lena n-áirítear an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte - €2.725 milliún, an Coimisiún Meabhair-Shláinte €1.769 milliún, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann- €0.121 milliún, CORU - €0.250 milliún, An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil - €0.107 milliún.<br><br>D'eascair an coigilteas san Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte go príomha mar gheall ar phoist cheadaithe nár líonadh. Chuir an coigilteas pá agus iarmhartach i réimsí leithéidí teicneolaíocht faisnéise agus taisteal agus liúntas cothaithe, chuir sin le coigilteas ar luach €2.7 milliún le hais leithdháileadh athbhreithnithe 2014 de €12.125 milliún. Lean an tÚdarás air de bheith ag baint amach comhlíonadh beagnach 99% le bailiú táillí ó ionaid chláraithe agus gineadh €7.4 milliún ón bhfoinse seo le linn na bliana.<br><br>Tarlaíonn an coigilteas a fabhraíodh ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte i 2014 de thoradh ar laghdú caiteachais ar tháillí dlíthiúla. Ina theannta sin, níor tugadh faoi obair áirithe a raibh an Coimisiún ag coinne leis go gcuirfí tús léi i 2014, mar gheall ar roinnt folúntas foirne. Tharla coigilteas freisin le linn 2014 de thoradh ar thabhairt isteach an ionaid chur shábháilte teachtaireachtaí (a cuireadh in áit úsáid teachtairí le doiciméid rúnda a sheachadadh).<br><br>Tharla an coigilteas i 2014 ar an soláthar don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) go príomha mar gheall ar mhoill maidir le hearcú foirne.<br><br>D'fheidhmigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le roinnt folúntas foirne le linn 2014, rud a spreag gannchaiteachas pá.<br><br>Baineann an coigilteas a tabhaíodh ag an gComhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil le híocaíochtaí aoisliúntais agus le hioncam a gineadh ó tháillí cláraithe. |

| Cur Síos | Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Interreg Éire / Tuaisceart Éireann | E.4 | 716 | Iarrtar íocaíochtaí faoin bhfo-cheannteideal seo ag Comhlacht na gClár Speisialta AE agus bunaithe ar íocaíochtaí iarbhíre a íocadh do thionscadail faoin Scéim. Bhí na méideanna a iarradh níba lú ná mar a bhíothas ag coinne leis.<br><br>Bhí an meastachán a socraíodh do chlár INTERREG do 2014 ag leibhéal níb'airde ná mar a lorgaíodh an chéad uair ó CCSAE i 2012. Tharla sin le cur san áireamh go ndearnadh coigilteas i 2013 mar gheall ar mhoill maidir le faomhadh caiteachais faoin gclár agus measadh mar sin de gur féidir go mbeadh gá ann le maoiniú dlúthaithe le linn 2014.<br><br>De réir nádúr an chláir INTERREG is féidir go mbeidh sé deacair na dátaí a thuar a bhaineann le hiarratais mhaoinithe thionscadal, go háirithe más ann do cheisteanna le réiteach le linn an phróisis deimhniúcháin agus is féidir, mar sin de, go mbeidh na meastacháin bhliantúla faoi réir ag athrú. |
| Íocaíochtaí i leith míchumais de dheasca tailídimíde | F.1 | 361 | Le linn na bliana 2014, lean an Roinn ar aghaidh le híocaíochtaí míosúla a dhéanamh le marthanóirí tailídimíde in Éirinn. Tá an Roinn páirteach i bpróiseas idirghabhála dlíthiúla faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát in éineacht le dhá mharthanóir tailídimíde is fiche a bhfuil éilimh dhíobhála pearsanta in aghaidh an Stáit déanta acu chuig an Ard-Chúirt. Tháinig an coigilteas faoi fhotheideal F1 sa bhliain 2014 chun cinn mar gheall nár críochnaíodh an próiseas idirghabhála sa bhliain 2014. |
| Íocaíochtaí chuig cuntas cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | F.4 | 649 | Níl an Roinn in ann réamh-mheastachán cruinn a thabhairt ar líon na suimeanna ná ar luach na suimeanna a bhronnfaidh an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID ar éilitheoirí in aon bhliain ar leith. Bíonn na híocaíochtaí iarbhír ag brath ar na cinntí a dhéanann an Binse. Bhí luach na n-íocaíochtaí sin ní ba lú ná mar a réamh-mheasadh ar dtús. Tá íocaíochtaí ón gCiste Cúitimh seasta ag 20% den dámhachtain ón mBinse. |
| Scaipeadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseacháin maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte | G | (190) | Cuireadh roinnt tionscadal a bhain le Éire Shláintiúil ar aghaidh go luath sa bhliain 2014, rud a chumasaigh an Suirbhé ar Éire Shláintiúil obair a thosú ní ba luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis roimhe sin. |

| Cur Síos | Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|---|
| Deontais i leith tógála agus feistithe (lena n-n-áirítear TFC) i gcás gníomhaireachtaí arna gcistiú ag an Roinn | H | 1,144 | Bhí buiséadú déanta ag an Roinn do chaiteachas ar luach €15.5 milliún Ní dheachthas ar aghaidh le roinnt tionscadal beartaithe, rud a raibh de thoradh air go raibh luach an chaiteachais €1.1 milliún níba lú ná mar a bhíothas ag dréim leis. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ilghnéitheach | 1 | 148 | 217 |
| 2. | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair don tseirbhís phoiblí | 3,915 | 4,554 | 4,619 |
| | Iomlán | 3,916 | 4,702 | 4,836 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (147) | Toisc go mbíonn fáltais faoin teideal seo ag luainiú, cuirtear suim ainmniúil €1,000 ar áireamh sa réamh-mheastachán. Tagann an éagsúlacht sin as fáltais i leith táillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí, aisíocaíochtaí ó chistiú Tionscnamh Drugaí nár caitheadh agus íocaíochtaí ó scéimeanna pinsean. |
| Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair don tseirbhís phoiblí | (639) | Tá sé deacair réamh-mheastachán a thabhairt ar an tsuim atá dlite don Roinn ó ghníomhaireachtaí sláinte i dtaca leis an asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí toisc go mbíonn sé ag brath ar líon na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí agus ar na rátaí pá a bhíonn i bhfeidhm sna gníomhaireachtaí. Is féidir leis an dá thoisc sin bheith éagsúil (féach nóta 2.5). |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Áirítear ar líon na mball foirne ag deireadh na bliana i ngníomhaireachtaí na Roinne roinnt gníomhaireachtaí neamhthráchtála stáit nach bhfuil ag fáil aon mhaoiniú go díreach ón Státchiste.

Baineann na sonraí faoi phá, liúntais agus luach saothair eile sa mhéid seo le foireann na Roinne Sláinte agus leo siúd amháin. Tá faisnéis mhionsonraithe i ndáil le pá i gcás na ngníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne ar fáil sna tuarascálacha ábhartha bliantúla nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann. Iarradh ar na gníomhaireachtaí an fhaisnéis sin a thabhairt ar a suíomh Gréasáin.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | | |
| Ranna | 339 | 351 |
| Gníomhaireachtaí | 1,640 | 1,349 |
| | 1,979 | 1,700 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 20,708 | 21,061 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 217 | 144 |
| Liúntais eile | 5 | 3 |
| Ragobair | 145 | 221 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,003 | 1,027 |
| **Pá iomlán** | **22,078** | **22,456** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2014 | Uasíocaíocht aonair 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 39 | 7 | 19,065 | 19,071 |
| Liúntais eile | 24 | — | 2,508 | 337 |
| Ragobair | 42 | 6 | 18,003 | 27,384 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis is catagóir amháin.

Léiríonn na liúntais a íocadh in 2014 costais a bhain le huachtaránacht na hÉireann ar an AE.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Cistiú ón gCrannchur Náisiúnta**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Fo-theideal** | **Cur síos** | | | |
| B.2 | Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí eile dá leithéid (le páirtchistiú ón gCrannchur Náisiúnta) | 3,286 | 3,286 | 3,286 |

Íocadh €3.286 milliún san iomlán faoi fhotheideal B.2 le gníomhaireachtaí sláinte agus le heagraíochtaí eile dá leithéid. Tá sonraí faoin gcistiú a tugadh le fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne “www.health.gov.ie".

**6.2 Costais Dlí**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Tá costais dlí a íocadh le linn na bliana sna catagóirí seo a leanas | **€000** | **€000** |
| Costais dlí | — | — |
| Costais chúitimh | 16,897 | 8,589 |
| | 16,897 | 8,589 |

**6.3 Ciste Infheistíochta Obstatraice Speisialta**

I 2008 bhunaigh an tAire Sláinte Sainscéim Slánaíochta Obstatraice. Faoin scéim, chomhaontaigh an tAire slánaíocht a íoc d’Ospidéal Bon Secours agus d’Ospidéal Achadh an Toir i dtaca le héilimh shonraithe obstatraice. Bunaíodh Ciste le ranníocaíochtaí ón dá ospidéal a bhí clúdaithe, ón gCumann um Chosaint Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íoctar éilimh ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát de réir mar a eascraíonn siad. Údaraíonn an tAire Sláinte an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát le hairgead a tharraingt anuas ón gCiste le costas na n-éileamh a chlúdach. Ag 31 Nollaig 2014 bhí luach iomlán de €5.5 milliún ag iarmhéid an chiste. Bainistítear an Ciste ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus ní léirítear an t-ioncam agus an caiteachas ghaolmhara i gcuntas leithghabhála na Roinne.

**6.4 Dliteanais Theagmhasacha**

Tá an Roinn bainteach le roinnt éileamh ina bhfuil imeachtaí dlíthiúla i gceist ar féidir go nginfidh siad dliteanais, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.